Éileamh ag Duine Neamhchláraithe atá bunaithe sa Stát ar Aisíocaíocht na Cánach Breisluacha (CBL) i leith eisíoca as "Gníomhaíochtaí Cáilitheacha".

1. Sonraí maidir leis an gComhlacht Éilitheora

Comhlánaigh an rannán seo i **mBLOCLITREACHA**

Ainm:

Seoladh na hÁite Gnó in Éirinn:
(Eircode san áireamh)

UPSP / Uimhir Thagartha Cánach:

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir ghutháin:

Cód Aitheantais Bainc (BIC) (Uasfhad: 11 carachtar)

Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) (Uasfhad: 34 carachtar)

Cineál na “Gníomhaíochta Cáilithí”: (Cuir tic sa bhosca ☑ cuí)

☐ Iompar paisinéirí agus a mbagáiste lasmuigh d'Éirinn.

☐ Soláthar earraí a mheastar a thit amach laistigh de chríoch de chuid Ballstáit eile den Aontas Eorpach (mar shampla, ciandíol).

☐ Soláthar seirbhísí airgeadais nó árachais (agus seirbhísí bainteacha gníomhaireachta) (a) lasmuigh den Aontas Eorpach nó (b) i ndáil dhíreach le hearraí a easpórtáil amach as an Aontas Eorpach.

☐ Soláthar earraí nó seirbhísí, seachas seirbhísí a bhaineann le mótarfheithiclí a ligean ar cíos le húsáid in Éirinn, a bheadh ina soláthairtí inchánacha dá ndéanfaí in Éirinn iad.

2. Sonraí maidir leis an Éileamh

Suim Iomlán an Éilimh €

Ainm Shealbhóir an Chuntais

ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

1. Uimhir an Bharántais:
2. Scrúdú arna dhéanamh ag:
3. Arna sheiceáil ag:
4. Suim Dhlite: €

Uimhir an Chustaiméara:

Ar: / /

Ar: / /

3. Dearbhú

Féadfar pionóis a ghearradh ar aon duine a dhéanann ráiteas bréagach go feasach chun críche aisíoc CBL a fháil.

Dearbhaím -

(a) **nach bhfuil mé cláraithe ná grúpchláraithe** agus **ní éilítear orm** clárú, le haghaidh an CBL in Éirinn;

(b) **go bhfuil mé** cláraithe le haghaidh an CBL i mballstát a mheastar ar thit soláthar amach ann;

(c) nach mbaineann an t-éileamh seo le haisíoc as earraí ná seirbhísí a úsáidtear go heisiach chun "gníomhaíocht cháilitheach" a sholáthar de réir Alt 59 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Síniú | Dáta / /

4. Miondealú ar an tSuim Éilithe

Caithfear bunsonrasc, nó i gcás iompórtála, bunadmháil Custaim, a chur isteach i dtaca le gach mír de chuid d'éilimh. Caithfidh an sonrasc a bheith dátaithe agus caithfidh suim an CBL, ainm, seoladh, agus uimhir CBL an tsoláthraí, agus cur síos imleor ar na hearraí agus ar na seirbhísí bainteacha a bheith luaite air. Caithfear na sonraí seo a leanas a thógáil ó gach sonrasc chun tacú leis an éileamh agus iad a chur isteach sa tábla thíos. Mura bhfuil dóthain spáis ann dóibh, úsáid leathanach eile.

Cur síos ar na hEarraí nó ar na Seirbhísí	Ainm an tSoláthraí	Uimhir Chláraithe CBL an tSoláthraí nó Uimhir Iontrála Custaim	Dáta an (a) tsoláthair nó na (b) hiompórtála	Áit ar Soláthraíodh na Seirbhísí	Suim an CBL atá in-aisíoctha de réir an tsonraisc/ na sonrasc nó na hadmhála/ na n-admhálacha iompórtála
				Iomlán	**€**

NÓTAÍ TÁBHACHTACHA

1. Sa chás go bhfuil aisíocaíocht á héileamh i leith comhaontaithe léasaithe / fruilithe, caithfear cóip den chomhaontú, an sonrasc, agus Sceideal den CBL Iníoctha arna eisiúint ag an institiúid airgeadais iomchuí a chur isteach i dteannta an chéad éilimh. Tá Sceideal CBL riachtanach i dtaca le gach éileamh dá éis sin. I gcás éilimh ar aisíocaíocht an CBL a íocadh ar Chomhaontú Fruilcheannaigh, caithfear cóip den chomhaontú agus den sonrasc a chur isteach i dteannta an éilimh.

2. Ní féidir éileamh a dhéanamh ar aisíocaíocht i leith CBL a bheadh asbhainteach i gcás duine inchánach, i.e. **ní in-aisíoctha** é an CBL ar chaiteachas ar sholáthar bia, dí, nó cóiríochta, nó ar cheannach nó fhruiliú mótarfheithiclí, peitril, siamsaíochta nó seirbhísí pearsanta eile.

3. Ní mór éilimh ar aisíocaíocht CBL a chur isteach laistigh de cheithre bliana ó dheireadh na tréimhse inchánaí lena mbaineann an t-éileamh.

Sula gcuirfidh tú an t-éileamh seo isteach, ní mór duit a **chinntiú**:

gur chomhlánaigh tú rannán 1 go dtí 4 agus gur chuir tú do lámh leis an dearbhú.

go bhfuil gach cáipéis tacaíochta iniata, .i.

- an bunleagan den sonrasc ceannaigh
- cóip den léas nó den chomhaontú fruilcheannaigh
- go bhfuil fótachóipeanna de na cáipéisí tacaíochta iniata chomh maith más rud é gur mian leat go seolfar na bunleaganacha ar ais chugat.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Seoltar Foirmeacha Éilimh, i dteannta na gcáipéisí tacaíochta, ar ais chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,
Rannóg an Ard-Bhailitheora,
An Rannóg um Aisíocaíochtaí CBL Neamhchláraithe,
Teach an tSáirséalaigh,
Sráid Phroinséis,
Luimneach,
V94 R972.

Teil: 01 738 3667

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoirm seo a fháil ón seoladh thuasluaite nó a íoslódáil ó shuíomh Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar **www.revenue.ie.**

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs